

Céad fáilte romhat go hArdeaglais Eoghain agus go Doire Cholmcille

Is áit í an Ardeaglais seo ina dtig le daoine teacht chun Dia a adhradh, suí faoi shuaimhneas agus paidir a rá.

Osclaíodh an Ardeaglais go solúnta ar an ceathrú lá de Bhealtaine 1873 leis an Easpag Ó Ceallaigh i bhfianaise an Chairdinéil Mac Eiteagáin. Chosain tógáil na hArdeaglaise corradh beag le £40,000.

1. An Doras Mór Thiar agus Póirse na Fáilte

Is é an Doras Mór Thiar an bealach is fearr isteach san Ardeaglais. Is é seo an príomhdhoras agus istigh sa phóirse, feicfidh tú ocht ndealbh déanta de dhair Ostaireach a bhí i dtosach mar chuid den chrannóg ard adhmaid, a tógadh i 1906. Cuireann an rann ó Íséisáia fáidh i gcuimhne dúinn gur ionad fáilteach an phóirse seo trína dtugtar cuireadh dúinn dul isteach in áras Dé.

2. Ailéar an Orgáin

Amharc uait in airde ar do bhealach isteach i gcorp an fhoirgnimh agus feicfidh tú ailéar an orgáin, ar cuireadh síneadh leis i 1904. Tá fáinne de dhuilleoga darach ar bharr gach ceann de na colúin chaola faoin ailéar agus colm i lár gach fáinne. Is siombail iad seo de Cholmcille, naomhphátrún Dhoire. Deir an inscríbhinn ghreanta Laidine linn: ‘Molaigí é le tiompán agus damhsa; molaigí é le téada agus feadáin’ agus iarann orainn é a mholadh inár gcroí agus inár nintinn agus muid ag dul isteach san áras naofa seo.

3. An Rósfhuinneog

Taobh thiar den orgán iontach seo, de dhéantús Mhuintir Telford, tá rósfhuinneog álainn, a cuireadh isteach i 1920. Cuireann ornáidíocht Cheilteach na fuinneoge i gcuimhne dúinn dúthracht mhór na bpobal Ceilteach maidir le cur chun cinn an traidisiúin Chríostaí.

4. Fuinneog Cholmcille

Ag bun na Taobhroinne Thuaidh, tá fuinneog mhór dhaite eile de Cholmcille ag beannú Dhoire sula dtosaíonn sé ar a dheoraíocht go hOileán Í. Agus tú ag amharc ar an radharc seo, iarrtar ort paidir a chur le hintinn mhuintir Dhoire na haimsire seo.

5. An tUmar Baiste

Is de mharmaid bán Carrara an t-umar seo agus é breá fairsing. Fearadh fáite roimh na mílte isteach i gclann Dé le huisce baiste an umair seo. Tá na focail seo greanta timpeall ar an umar: ‘Foinsí uisce a bheannaíonn an Tiarna agus a thugann glóir agus moladh dó go deo as tíolacadh iontach an Bhaiste’.

6. Altóir na Sacraiminte Beannaithe


Is de chloch Caen agus de mharmaid na hÉireann an reredos ar chúl na haltóra agus é dealbhaithe i reilíf ar ag léiriú na Ceithre Sheanáir is Fiche, cláirseacha ina lámha agus iad ag adhradh an Uain. Tá an dá ghrúpa ina seasamh faoi áirsí téastar i gcuasa sa bhalla.

7. An Taibearnacal

Tá an tSacraimint Bheannaithe á coinneáil i dtaibearnacal cré-umha airgeadphlátáilte, a lonnaíodh i 1989. Léiríonn na siombail ar an doras Uan Dé mar aon le punann chruithneachta agus crobhaing fionchaor. Tá an Dá Aspal Déag léirithe ar an dá thaobh. ‘Is de m’fheoilse an tarán seo, a thabharfaidh mé ar son bheatha an domhain’ (Eoin 6:51).

8. Fuinneog i gCuimhne ar an Easpag Ó Ceallaigh

An ghné is suaithinsí den Ardeaglais, b’fhéidir, an fuinneog mhór iontach dhaite seo os cionn an tsanctóra. Is i 1891 a rinneadh í agus léirítear go hálainn inti seacht gcinn d’eachtraí i mbeatha Chríost – Breith agus Baisteadh Íosa, an phianpháis sa ghairdín, céasadh na Croise, Íosa á thabhairt anuas den Chrois, Aiséirí agus Deascabháil Chríost chun na bhFlaitheas. Faoi na radharcanna seo léirítear cuid de na naoimh is aitheanta in Éirinn – ó chlÉ: Pádraig, Bríd, Cainneach, Eoghan, Colmcille, Damhnait agus Mura.



- Arna tógáil 1851-1873
- Arna tógáil 1988

Chomh maith leis an treoirleabhrán beag seo atá saor in aisce, tá leabhar cuimhneacháin ar fáil ina bhfuil mionchuntas cuimsitheach ar fáil.

9. An Ardaltóir agus Ambo (léachtán)

I 1989 rinneadh athchóiriú ar an chuid seo den Ardeaglais agus tógadh an ardaltóir agus ambo seo de mharmar Carrara agus Macadónach. Is ó Bhord Bhriathair Dé agus ó Bhord na hEocairiste a chothaítear na Creidmhigh ag an Aifreann.

10. Cathaoir an Easpaig

Ar an taobh deas den ardaltóir tá cathaoir nó cathedra an Easpaig. Tá crois, mítear agus bachall greanta ar chúil na cathaoireach mar shiombail de mhinistreacht an Easpaig i measc phobal Dé i nDeoise Dhoire.

11. Altóir Mhuire

Caomhnaíodh an altóir bheag seo mar scrín in ónóir na Maighdine Beannaithe Muire. Fuarthas dealbh na Maighdine ó München na Gearmáine i 1898. Taobh thiar den dealbh tá áirse d'aingle agus an dá aingeal ag an bharr ag coinneáil coróin neimhe os cionn Mhuire. 'Féach, gabhfaidh maighdean gin agus saolófar mac' (Ísáia 7:14).

12. Busta den Easpag Ó Ceallaigh

Ar an taobh deas d'Altóir Mhuire, tá busta de Phroinsias Ó Ceallaigh, a bhí ina easpag ar Dheoise Dhoire ó 1849 go 1889. Ba i rith a easpagóideachtasan a tógadh agus a osclaíodh Ardeaglais Eoghain. Bhíothas ag obair ar an togra tógála seo ar feadh ceathrú céid; ceannaíodh an láithreán in 1849 agus bhí an oscailt sholúnta ann i mBealtaine 1873. 'Déanaigí cuimhne ar bhur gceannairí a labhair briathair Dé libh. Meabhraigí a mbealach agus an toradh a bhí air agus leanaigí a nósanna creidimh' (Eabhraigh 13:7).


Pictiúr ar an chlúdach cúil: Eoghan Naofa mar a léirítear é ar an fuinneog i gcuimhne ar an Easpag Proinsias Ó Ceallaigh.



Ardeaglais Eoghain
Sráid Phroinsias
Doire Cholmcille

www.steugenescathedral.com

Treoirleabhrán ar
**Ardeaglais
Eoghain**
Doire Cholmcille



HERITAGE
LOTTERY FUND

Essential maintenance in 2015
supported by Heritage Lottery Fund